Focal íd' Chluais.

A word in your ear. Meitheamh '11.

An t-athrú go Teilifís Dhigiteach **Foinse**: **www.ageaction.ie**

Faoi dheireadh na bliana 2012 beidh gach duine de lucht féachana teilifíse i bPoblacht na hÉireann ag baint úsáid as comhartha digiteach. I láthair na huaire tá an chraoltóireacht teilifíse go léir trí chomhartha analógach, inar féidir neart a chailliúint agus ní féidir ach méid áirithe eolais a iompair. Beidh an comhartha nua digiteach in ann níos mó eolais a iompair agus ní chaillfidh sé neart. Ciallaíonn sé sin gur féidir níos mó stáisiúin a chur ar fáil le caighdeán níos fearr. Ní gá bheith buartha faoi láthair mar tá 17 mí sara dtarlóidh sé seo, agus táthar ag súil go mbeidh beagnach gach cineál teilifíse in ann an comhartha nua a phiocadh suas. Tá áiteanna fós ann, áfach, go mbeidh deacrachtaí acu de bharr go bhfuilid suite in aice le sléibhte, ach tá RTÉ ag obair chun an fhadhb seo a réiteach. Faoi dheireadh mhí Dheireadh Fómhair 2012 beidh 98% des na tithe ábalta an tseirbhís nua Saorview ag RTÉ, a fháil, seirbhís dhigiteach í atá saor go haer. Ciallaíonn sé sin go mbeidh sé saor in aisce ach amháin an táille don gceadúnais. Beidh an tseirbhís seo ar fáil beagnach sa tslí chéanna is atá na ceithre chainéal bhunúsacha ar fáil faoi láthair. Ní gá d'éinne go bhfuil Sky nó córas teilifíse píopaithe acu a bheith buartha. Má tá aeróg agat áfach, b'fhéidir go mbeidh ort glacadóir i mbosca a cheannach a bheidh ar bharr na teilifíse nó bhféidir d'aeróg a chur ina ceart. Má tá na ceithre phríomhchainéal á fháil agat faoi láthair, RTÉ 1 & 2, TG4 agus TV3 gan aon deacrachtaí tá d'aeróg ag obair i gceart agus ag féachaint an treo cheart. Má tá deacrachtaí agat, áfach, le TG4 no TV3 a fháil bhféidir go mbeidh ort an aeróg a chur ina ceart. Ach arís, ní gá bheith buartha mar beidh tuilleadh eolais faoi seo i rith na bliana seo chugainn. Tá formhór des na teilifíseáin deartha chun an comhartha analógach a fháil ach tá sé éasca iad a athrú chun an comhartha nua digiteach a glacadh trí ghlacadóir leictreonach i mbosca ar bharr na teilifíse. Glacann an bosca seo leis an gcomhartha digiteach agus athraíonn sé go comhartha analógach é don teilifís. Tá an mheicníocht tiontacháin seo ionsuite i roinnt des na teilifíseáin nua. Cosnaíonn na boscaí leictreonacha idir €80 agus €120 an ceann. Tá idirbheartaíocht leanúnach ar siúl leis an Rialtas ag féachaint ar shlite chun cabhrú le daoine leis an gcostas seo. Is féidir glaoch a chur ar líne chabhrach 1890 222012 le haon ceist atá agat nó logáil isteach ar www.saorview.ie nó féachaint ar Aertel leathanach 650.

Comairle Don Duine Óg le Seán Ó Ríordáin

Ba mhaith linn míle buíochas a ghabháil le Peggy Hallissey a thug an dán seo dúinn a fhoghlaim sí ar scoil. Tá filíocht Seán Ó Ríordáin fós á mhúineadh i scoileanna timpeall na tíre suas go dtí leibhéal na hArdteiste.
(We would like to sincerely thank Peggy Hallissey for sending in this poem to us that she learned in school. Seán Ó Ríordáin poems are still being taught to this day in schools countrywide right up to Leaving Cert level.)

Comairle Don Duine Óg

A dhuine atá i dtús do shaoil
Mo cheasaic go cruinn beir leat:
An té dá dtáinig ciall le haois
Cuirse gach ní ina cheann.

Ná santaigh ráite baois'
Ná an dream go mbíd acu;
Sara dtiocfaidh iomad deo aois
Díoth aithne ar Chríost agat.

Ná caith do shaol díomaoin
'S ná lig an tslí thar ceal
Óir an tslat nuair a chruann le haois
Is deacair a shníomh 'na gad.

Is óige oscail do mheabair
Is bailigh an foghlaim leat;
Óir an glór ná tuigeann an ceann
Is cuma é ann nó as.

An glór ná fuintear le gaois
'S nach goire don chroí ná don cab,
Níl san ach ag imeacht le gaoith
Mar imíonn ón ngadar beag sceamh.

Bailigh glaneolas go cruinn
'S coinnigh gach ní 'na cheart
An glór a dhogann an croí
'S é caithneann le Rí na bpeart.

mfg-Meitheal Mhúscraí, Réidh na nDoirí, Maigh Chromtha, Co Chorcaí.
Tel: 026-45661. eolas@muscrai.ie www.muscrai.ie

Séanadh: Tógaimíd an-aire taighde chun an t-eolas atá clóite anseo a fhíorú. Táimíd comh cinnte agus is féidir linn a bheith go bhfuil an t-eolas iniata cruinn agus fíor nuair a fhoilsíodh é. 'Sé an sprioc atá againn ná chun eolas tairbheach ginearálta a chur ar fáil do dhaoine. Ní féidir le MFG-Meitheal Mhúscraí freagracht a ghlacadh má tharlaíonn aon dochar dá bharr.

Cois Cille, Cill na Martra 026-40999.

Lón ar fáil ceithre lá ag 12.30in.
Caithfear áit a chur in áirithe roimh ré. Taisteal ar fáil.
Cosliacht: Le Coinne, lár Mhí an Mheithimh.
Suathaireacht: Le coinne, 087 6759121.
Reifléacseolaíocht, ar an gcéad Mháirt de gach mí.
Do choinne glaoigh ar Peggy ag 087 7648527.

Cuan Barra, Béal Átha'n Ghaorthaidh

Béilí, Dé Luain & Dé hAoine ag 12.30in.
Caithfear áit a chur in áirithe roimh ré. Taisteal ar fáil
Cuir glaoch ar 087 1378099 nó 026 47777.
Aisling Ní Laoire, Teiripeoir Scéimhe.
23ú Meitheamh le coinne, glaoigh ar 087 6579894.
Cosliacht, le coinne. Dáta le socrú.
Glaoigh ar Ann O Donovan 027 50340 nó 086 3679761.
Dr Ken Harte gach Céadaoin 12.00 – 1.00 in.

Ionad Lae, Baile Mhúirne

Lón ar fáil gach Luan, Céadaoin & Déardaoin ag 1in**.**
Caithfear áit a chur in áirithe roimh ré, 40999 nó 45559.
Taisteal ar fáil – Cuir glaoch ar 45661 nó 45811
Cosliacht: Do choinne glaoigh ar 026 45559 nó 40999.
Reifléacseolaíocht, ar an tríú Céadaoin de gach mhí.
Do choinne glaoigh ar Peggy ag 087 7648527.

"Lón an Lae" 8/6/2011
Anraith Glasraí Baile
. . .
Muiceoil Rósta le Búiste, Cairéid, Meacain Bhána
agus Prátaí Bhruite.
. . .
Flan Piorra
. . .
Tae agus Caife

An mí seo chugainn beidh Lón an Lae ag teacht
ó Chuan Barra .

Freagraí ón mí seo caite.

Dúcheist Tapaidh: Caithfidh sé na cinn le ciorcal orthu a oscailt



Dúcheist Tapaidh

Tá grúpa ag dul ar saoire agus nílid ach uair an chloig óna gceann scríbe. Tá dáréag ar fad sa ghrúpa atá roinnte idir dhá ghluaisteán (ina bhfuil sé shuíochán an ceann) ach briseann gluaisteán amháin síos, níl acu ach gluaisteán amháin don chuid eile den turas. Ag úsáid an t-aon ghluaisteán atá acu agus ag tiomáint anonn is anall, cé mhéid uair an chloig a thógfaidh sé chun gach duine a thabhairt go dtí a gceann scríbe?

Scoraíocht an Déardaoin

Beidh briseadh ón Scoraíocht don Samhradh. Tá fáilte roimh aon mholtaí atá ag éinne i dtaobh turais.

Fuil Shróine **Foinse: www.irishredcross.ie**

Is cuid des na tinnis is coitianta iad, sa bhaile nó san ionad oibre, srón ag cur fola, is minic nach ndéantar iad a chóireáil i gceart, áfach.
Leideanna maithe le haghaidh sróna ag cur fola a chóireáil.
● Bí cinnte go bhfuil an duine ina shuí.
● Cuir ceann an duine ag claonadh chun tosaigh – ligeann sé don fhuil draenáil.
● Dein an tsrón a phinseáil nó abair leis an duine an chuid bhog den tsrón a phinseáil.
● Cuir brú air ar feadh 10 nóiméad.
● Tabhair comhairle don duine análú trína bhéal.
● Abair leis gan a shrón a shéideadh ar feadh cúpla uair ionas nach gcuirfí isteach ar an gcnapán fola.
● Má leanann fuil shróine ar feadh tréimhse níos faide ná 30 nóiméad nó má thosnaíonn sé ag cur fola arís faigh comhairle leighis.

Cuairt a thabhairt ar Áiteanna Suimiúla

Tá droichead coise mórthaibhseach Charn Uí Néid athoscailte don phobal. Críochnaíodh an bunstruchtúr i 1909. Is luathshampla é ar an úsáid a bhaineadh as coincréit threisithe mar ábhar ag an am, bhí an réise 52m mar fhad taifid do choincréit threisithe i dtógáil áirse. B'é an bhunchuspóir a bhí leis ná go mbeadh bealach isteach d'fhoireann Choimisinéirí Soilse na hÉireann go dtí an stáisiún comhartha ceo ag Carn Uí Néid. Le linn na tréimhse, 100 bliain, a bhí an droichead ann, bhí sé faoi réir adhaimsir agus dhálaí an chomhshaoil. Dhein sé seo dochar mór don struchtúr. I 2005, deineadh cosán sealadach ar an droichead. Tháinig saolré an chosáin shealadaigh chun deireadh i 2009, díreach in am do shíniú an chonartha chun struchtúr nua a thógáil.
Tá an droichead nua ina mhacasamhail chruinn den tseanstruchtúr coincréite treisithe a bhí ann cheana féin. **Foinse: Comhairle Contae Chorcaí**

An difríocht idir Madra agus Cat

An Madra: Tugann tú bia dom. Ligeann tú dom dul a choladh istigh in áit thirim. Cuimlíonn tú mo cheann ó am go ham. Caithfidh gur dia tú!

An Cat: Tugann tú bia dom. Ligeann tú isteach agus amach mé. Codlaím i d'ucht nó ós comhair na tine, nuair is mian liom. Caithfidh gur dia mé!

Cleas Inchinne

Má tá sé agat teastaíonn uait é a roinnt; má roinneann tú é níl sé agat a thuilleadh. Cad é?
(If you got it you want to share it; if you share it you haven't got it. What is it?)